2024/1197

25.4.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1197 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Aibreán 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1954 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh córais leictreacha — suiteálacha srutha ailtéarnaigh agus srutha dhírigh, agus córais caidéalaithe ruma

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), táirgí atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe, ar caighdeáin iad ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis gur táirgí iad atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Threoir 2013/53/AE agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, áit a gcumhdaítear iad leis na caighdeáin sin nó codanna díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736 ón gCoimisiún ([3]), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2013/53/AE (an 'iarraidh'). Na caighdeáin chomhchuibhithe a iarradh, bhí siad le haghaidh a thabhairt ar na buncheanglais níos déine a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Threoir 2013/53/AE agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, i gcomparáid le Treoir 94/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a aisghaireadh.

(3) Ar bhonn na hiarrata, rinne CEN athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, ar caighdeáin iad ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1954 ón gCoimisiún ([5]): EN ISO 10133:2017 maidir le córais leictreacha – suiteálacha d.c le voltas fíor-íseal le haghaidh árthaí beaga, EN ISO 13297:2018 maidir le córais leictreacha – suiteálacha srutha ailtéarnaigh agus srutha dhírigh le haghaidh árthaí beaga, agus EN ISO 15083:2018 maidir le córais caidéalaithe ruma le haghaidh árthaí beaga. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas: EN ISO 13297:2021 arna leasú le EN ISO 13297:2021/A1:2022 agus le EN ISO 13297:2021/A11:2023, agus EN ISO 15083:2020 arna leasú le EN ISO 15083:2020/A1:2022 agus le EN ISO 15083:2020/A11:2023.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí áineasa agus scairdscútair agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE (IO L 354, 28.12.2013, lch. 90, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/53/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2015 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le hárthaí áineasa agus scairdscútair chun tacú le Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí áineasa agus scairdscútair agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE.

([4]) Treoir 94/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le hárthaí áineasa (IO L 164, 30.6.1994, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1994/25/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1954 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2022 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le hárthaí áineasa agus scairdscútair, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 17.10.2022, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1954/oj).

(4) Rinne an Coimisiún, i gcomhar le CEN, measúnú féachaint an gcomhlíontar an iarraidh le caighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 13297:2021 arna leasú le EN ISO 13297:2021/A1:2022 agus le EN ISO 13297:2021/A11:2023, agus EN ISO 15083:2020 arna leasú le EN ISO 15083:2020/A1:2022 agus le EN ISO 15083:2020/A11:2023.

(5) Leis na caighdeáin EN ISO 13297:2021, arna leasú le EN ISO 13297:2021/A1:2022 agus le EN ISO 13297:2021/A11:2023, agus EN ISO 15083:2020, arna leasú le EN ISO 15083:2020/A1:2022 agus le EN ISO 15083:2020/A11:2023, comhlíontar na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Threoir 2013/53/AE, agus i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin chomh maith. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1954 tugtar na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Treoir 2013/53/AE. Chun a áirithiú go liostaítear in aon ghníomh amháin na caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtaítear chun tacú le Treoir 2013/53/AE, ba cheart a áireamh san Iarscríbhinn sin na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 13297:2021 arna leasú le EN ISO 13297:2021/A1:2022 agus le EN ISO 13297:2021/A11:2023, agus EN ISO 15083:2020 arna leasú le EN ISO 15083:2020/A1:2022 agus le EN ISO 15083:2020/A11:2023.

(7) Is gá na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 10133:2017, EN ISO 13297:2018, agus EN ISO 15083:2018 a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ós rud é gur ghabh EN ISO 13297:2021, arna leasú le EN ISO 13297:2021/A1:2022 agus le EN ISO 13297:2021/A11:2023, ionad na gcaighdeán comhchuibhithe EN ISO 10133:2017 agus EN ISO 13297:2018, agus gur cuireadh EN ISO 15083:2020, arna leasú le EN ISO 15083:2020/A1:2022 agus le EN ISO 15083:2020/A11:2023 in ionad chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 15083:2018. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí sin a scriosadh as Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1954.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1954 a leasú dá réir.

(9) Ionas go mbeidh a ndóthain ama ag na monaróirí a dtáirgí a chur in oiriúint do leagan athbhreithnithe na gcaighdeán chomhchuibhithe EN ISO 10133:2017, EN ISO 13297:2018, agus EN ISO 15083:2018, is gá tarraingt siar na gcaighdeán sin a chur ar athlá.

(10) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréireacht ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1954 ón gCoimisiún i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (1) den Iarscríbhinn ón 25 Deireadh Fómhair 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Aibreán 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(1) scriostar rónna 19, 40 agus 48;

(2) cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach:

Uimhir	**An tagairt don chaighdeán**
‘40a.	EN ISO 13297:2021 Árthaí beaga - Córais leictreacha - Suiteálacha srutha ailtéarnaigh agus srutha dhírigh (ISO 13297:2020) EN ISO 13297:2021/A1:2022 EN ISO 13297:2021/A11:2023’;
‘48a.	EN ISO 15083:2020 Árthaí beaga - Córais caidéalaithe ruma (ISO 15083:2020) EN ISO 15083:2020/A1:2022 EN ISO 15083:2020/A11:2023’.